


# Glacaigí páirt i Seachtain Bus & Traenach Translink, 6-12 Meitheamh 2016.

## Tá cuireadh á thabhairt duit páirt a ghlacadh i gceiliúradh iontach! Cóisir a mbeidh TRÉAN spraoi inti d'aonTURAS!

Tá sé in am páirt a ghlacadh sa chéad **Seachtain Bus + Traenach, 6 -12 Meitheamh 2016**, riamh agus ceiliúradh a dhéanamh ar na tairbhí uilig a bhaineann le hiompar poiblí.

Tá an líonra bus agus traenach s'againn lárnach i rathúlacht Thuaisceart Éireann sa lá atá inniu ann agus sna blianta atá le teacht, chun sochaí níos glaine, níos glaise, níos sábháilte agus níos soghluaiste a chur ar fáil do gach duine.

Mar sin de, is tábhachtach go nglacfadh aos óg an lae inniu chucu féin tairbhí an iompair phoiblí ionas go mbeidh todhchaí níos fearr ann.

Ba bhreá le Translink, ár gcomhpháirtí Éicea-Scoileanna, dá gcuideofá leo a chinntiú go n-éireoidh go geal lenár **Seachtain Bus + Traenach**.

**Tá a lán bealaí ann ar féidir le do scoil a bheith páirteach, mar shampla:**

- An t-imeacht a mholadh do dhaltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí á spreagadh le triail a bhaint as iompar poiblí ar a laghad uair amháin ó 6 – 12 Meitheamh 2016.
- Grianghraif de gach duine a úsáideann seirbhísí bus nó traenach a sheoladh chuig @Translink_NI #GetonboardNI agus roinnfidh Translink iad lena gcuid leantóirí sna meáin shóisialta a bhfuil 80,000+ díobh ann.
- Úsáid a bhaint as na hacmhainní teagaisc iontacha do ECh1-3 de chuid Translink Éicea-Scoileanna atá ar fáil ar líne ag www.translink.co.uk/ecoschools chun an tábhacht atá le hiompar inbhuanaithe a theagasc do dhaltaí.
- Amhrán nó dráma speisialta a chruthú chun na tairbhí a bhaineann le húsáid iompar poiblí a léiriú. Seol físeán den léiriú chugainn ag busandtrainweek@translink.co.uk/ agus is féidir linn é a chur ar ár gcainéal YouTube. Tugaimid cuireadh duit fosta do phíosa a léiriú ag do stáisiún áitiúil Translink!
- Dúshlán daltaí a thabhairt dul i gceann comórtas scríbhneoireacht chruthaitheach nó ealaíne & dearaidh a thaispeánfaidh na tairbhí a théann le bus agus traein a úsáid.
- Quiz ranga a chruthú a bhfuil Bus agus Traein mar théama ann – taighde a dhéanamh ar roinnt fíricí suimiúla faoi iompar poiblí ar líon gréasáin Translink agus roinnt iomaíocht thaitneamhach a spreagadh idir do chuid daltaí.

Cibé a dhéanann tú le Seachtain Bus + Traenach a cheiliúradh, **is mian le Translink scéala a fháil uait!** Cliceáil ar - www.translink.co.uk/busandtrainweek/ le haghaidh iomlán na mionsonraí. Níl am níos fearr le bus agus traein a bheith ina gcéad rogha agat chun taistil.

**Turais agus tuilleadh ag www.translink.co.uk**

## BAINT BAINT BAINT!

**Cuirfear ainm gach scoile a sheolann fianaise chuig Translink ar a gcuid gníomhaíochtaí agus ceiliúrthaí Seachtain Bus+Traenach isteach i gcomórtas duaise fosta le haghaidh turas ranga áit ar bith i dTuaisceart Éireann (suas le 50 duine). Is é Dé Luain 13 Meitheamh 2016 an spriocdháta le haghaidh iontrálacha. [Caithfear an turas scoile a dhéanamh roimh dheireadh Mheitheamh 2017]**

## An 10 gCúis is Mó a mbítear ag úsáid Iompar Poiblí

1. Strus a laghdú
2. Cuidiú leis an timpeallacht
3. Trácht a sheachaint
4. Do shláinte a fheabhsú
5. WiFi saor
6. Áisiúlacht
7. Sábháilteacht Bhóthair níos fearr
8. Do phoncúlacht a fheabhsú
9. Néal codlata a dhéanamh
10. Sóisialú i ndiaidh na hoibre




Translink

KEEP NORTHERN IRELAND BEAUTIFUL

ECO-SCHOOLS